

General Certificate of Secondary Education  
2011

## Matamaitic

Modúl N3 Páipéar 2  
**(Le háireamhán)**  
Ardsraith  
[GMN32]



DÉ MÁIRT 31 BEALTAINE  
**10.30 am–11.30 am**



AM

1 uair an chloig.

### TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.

Freagair **gach ceann den dá cheist déag**.

Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.

### EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 44 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Ba chóir duit áireamhán, rialóir, compáis, dronbhacart agus uillinnntomhas a bheith agat.


Tá an Bhileog Foirmlí ar leathanach 2.

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	
9	
10	
11	
12	


Marc Iomlán

## Bileog Foirmlí

**Achar traipéisiam** =  $\frac{1}{2}(a+b)h$




**Toirt priosma** = achar trasghearrtha × fad



I dtriantán  $ABC$  ar bith

**Achar an triantáin** =  $\frac{1}{2}ab \sin C$


**Riaill an tSínis:**  $\frac{a}{\sin A} = \frac{b}{\sin B} = \frac{c}{\sin C}$



**Riaill an Chomhshínis:**  $a^2 = b^2 + c^2 - 2bc \cos A$


**Toirt sféir** =  $\frac{4}{3}\pi r^3$

**Achar dromchla sféir** =  $4\pi r^2$



**Toirt cóin** =  $\frac{1}{3}\pi r^2 h$

**Achar dromchla chuartha cóin** =  $\pi r l$



An chothromóid chearnach:

Faigtear réitigh  $ax^2 + bx + c = 0$ , an áit a bhfuil  $a \neq 0$  tríd

$$x = \frac{-b \pm \sqrt{b^2 - 4ac}}{2a}$$

1 Is é £240 an praghas atá ar rothar nua.

Tá laghdú 35% ar an phraghas seo i saor-reic.

Ríomh an praghas sa saor-reic.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Freagra £ \_\_\_\_\_ [3]

2 (a)




© The Royal Mint

Is é 1.4 cm an ga atá ar bhonn deich bpingine.

Ríomh imlíne an bhoinn seo.

Freagra \_\_\_\_\_ cm [2]

(b)



Is é  $540^\circ$  suim na n-uillinneacha inmheánacha i bpeinteagán rialta  
Mínigh cad chuige.

---

---

---

---

[2]

- 3 Is é £*a* an costas atá ar thicéad do dhuine fásta.

Tá ticéad páiste níos saoire de £4 ná ticéad duine fhásta.

Cheannaigh Dearbháil 2 thicéad duine fhásta agus 3 thicéad páiste. D'íoc sí £23 ar na ticéid.

- (a) Úsáid an fhaisnéis seo le **cothromóid** a scríobh i dtéarmaí *a*.

Freagra \_\_\_\_\_ [3]

- (b) Réitigh an chothromóid seo lena fháil amach cad é an costas atá ar thicéad duine fhásta.

Freagra £ \_\_\_\_\_ [2]


4 Thaifead banaltra an méadú ar mheáchan 100 páiste thar thréimhse ama.

Méadú ar mheáchan ( $w$ kg)	$0 < w \leq 5$	$5 < w \leq 10$	$10 < w \leq 15$	$15 < w \leq 20$	$20 < w \leq 25$
Minicíocht	16	36	22	14	12

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

(a) Léirigh an fhaisnéis seo ar léaráid mhinicíochta grúpáilte. [3]



(b) Scríobh an t-eatramh ranga módúil.

Freagra \_\_\_\_\_ [1]


- 5 Tá rampa in aice le céim le cathaoireachá Rothaí a ligean isteach.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Tá an rampa 16 cm ar airde agus 85 cm ar fad amach ón chéim.

Ríomh fad claonta,  $r$  cm, an rampa go dtí imeall na céime.



Freagra \_\_\_\_\_ cm [3]

- 6 (a) Ba é 4 kg meáchan páiste nuair a rugadh é. Sé seachtaine ina dhiaidh sin ba é 7 kg meáchan an pháiste.

Cad é an méadú céatadánach a bhí ar mheáchan an pháiste?


Freagra \_\_\_\_\_ % [2]

- (b) Chuir Conall £4800 sa bhanc ar feadh dhá bhliain.

Shaothraigh sé ús iolraighe de réir 3% sa bhliain.

Ríomh suim ionlán an airgid a bhí sa bhanc ag Conall i ndeireadh an dá bhliain.

Freagra £ \_\_\_\_\_ [2]



Ag tosú le  $a = 2$ ,  $b = 9$ ,  $c = 10$  úsáid an tsreabhchairt leis na luachanna priontáilte a fháil.

$a$	$b$	$c$	S	T
2	9	10		

Freagra  $a = \underline{\hspace{2cm}}$ ,  $b = \underline{\hspace{2cm}}$ ,  $c = \underline{\hspace{2cm}}$  [3]

- 8 Tá réiteach amháin ar  $x^2 + 4x = 50$  idir 5 agus 6

Úsáid **trial agus feabhsú** leis an réiteach seo a fháil ceart go dtí ionad amháin de dheachúlacha. **Taispeán do chuid oibre uilig.**

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Freagra  $x = \underline{\hspace{2cm}}$  [3]

- 9 Is é 2.5 cm an ga atá ag mirlín mór sféarúil gloine:

Ríomh toirt na gloine sa mhirlín seo ceart go dtí 2 ionad de dheachúlacha.



© iStockphoto/Thinkstock

Freagra  $\underline{\hspace{2cm}}$  [3]

- 10** Is é £63.36 an praghas atá ar fhoireann taeghréithe i saor-reic. Is ionann é seo agus laghdú de 12% ar an chéad phraghas.

Cad é an chéad phraghas a bhí ar an fhoireann taeghréithe?

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Freagra £ \_\_\_\_\_ [3]

- 11 (a)** Fachtóirigh  $10y + 4$

Freagra \_\_\_\_\_ [1]

**(b)** Fachtóirigh  $9a^2 - 3ay$

Freagra \_\_\_\_\_ [2]

- 12 Léiríonn an graf thall minicíocht charnach na scór a fuair daoine i gcomórtas dairteanna.


(a) Úsáid an graf le meastachán a dhéanamh ar

(i) an t-airmheán,

Freagra \_\_\_\_\_ [1]


(ii) líon na scór a bhí níos mó ná 150

Freagra \_\_\_\_\_ [2]



(b) Tarraing boscphlota ón ghraf.

[3]




---

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

---

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.  
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh  
sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.